

Tuarascáil Rialála Cigireacht na Luathbhlianta

Réamhscoile

Aitheantóir TUSLA:	TU2015KY056
--------------------	-------------

Ainm na Seirbhíse:	Ionad Curam Leanaí na Dromoda
--------------------	-------------------------------

Seoladh na Seirbhíse:	Cillín Liath, Máistir Gaoithe, Cathair Saidhbinín, Co. Ciarraí
-----------------------	--

Eircode:	V23 FT62
----------	----------

Ainm an tSoláthraí Cláráithe:	Cait Uí Chonaill, Sarah Uí Shuilleabhaín
-------------------------------	--

Cineál Seirbhíse:	Lá iomlán
-------------------	-----------

Dáta na Cigireachta:	24/01/2024	Cuir Cuid 2 Leis
----------------------	------------	------------------

Dáta 2 na Cigireachta:	21 Feabhra 2024
------------------------	-----------------

Líon na leanaí réamhscoile: lá 1 24/01/'24	AM	11	PM	08	Cuir Cuid 2 Leis
Lá 2 21/02/'24	AM	Níor Measadh	PM	14	

Seoladh Cigireacht na Luathbhlianta:	Áras an Phobail, Lána an Déin, Trá Lí, Co. Ciarraí.
--------------------------------------	---

Icigireacht á dhéanamh ag:	N. Reidy
----------------------------	----------

Teideal:	Cigire na Luathbhlianta
----------	-------------------------

Údarás Cigireachta

Déanann Cigireacht Tusla na Luathbhlianta iniúchtaí ar Sheirbhísí na Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 agus Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú) 2016.

Na coinníollacha, má bhaineann	Ní Bhaineann
--------------------------------	--------------

Tuarascáil Rialála Cigireacht na Luathbhlianta Réamhscoile

Cur síos ar an tseirbhís

Is seirbhís luathbhlianta saintógtha phobalbhunaithe í Ionad Curam Leanaí na Dromoda atá cláraithe le haghaidh cúram lae iomlán a chur ar fáil do leanaí idir 0 agus 6 bhliain d'aois. Feidhmíonn an tseirbhís idir 08:30rn agus 5:30in Luan go hAoine, an dá lá san áireamh. Tá 1 seomra súgartha air a dtugtas an creche i bhfeidhm, ach cuireadh in iúl don chigire nach bhfuil an 2ú seomra na seirbhíse, seomra na healaíon agus na ceardaíochta, i bhfeidhm faoi láthair oibríocht de bharr ganntanas foirne. Tá rochtain ag na páistí ar áit súgartha faoi iamh lasmuigh atá suite ar chúl an fhoirgnimh.

Soláthar foirne

Tá 4 aosach fostaithe sa tseirbhís faoi láthair lena n-oibriú go díreach leis na leanaí lena n-áirítear duine amháin de na soláthraithe cláraithe.

Modheolaíocht

Sí Cigireacht Tusla na Luathbhlianta an rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí na luathbhlianta in Éirinn.

Sainíonn Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 an dualgas atá ar gach soláthraí cláraithe sábháilteacht agus folláine na leanaí a chinntiú agus na rialacháin seo a chomhlíonadh.

Údraítear Tusla freisin ag an tAcht seo measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na rialachán. Sí cuspóir an rialaithe maidir le seirbhísí ná luathbhlianta ná a chinntiú go gcloítear le cúram, le sábháilteacht agus le folláine na leanaí atá ag fheastal ar a leithéid sheirbhísí. Déantar na hiniúchtaí ar sheirbhísí na luathbhlianta a phleanáil bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Stair an iniúchta go dtí seo
- Aon fhaisnéis a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:

- An fhaisnéis a fhaightear as scrúdú na cáipéisíochta
- Breathnú díreach
- Plé leis an bhfoireann chuí

Rinneadh an chigireacht seo gan réamhfógra agus dhírigh sí ar réimsí an rialachais/na sláinte, leas agus forbairt na leanaí agus sábháilteacht/áiseanna an áitribh.

Ar lá 2 na cigireachta, rinneadh an chomhlíontacht a mheas faoi:-

- Rialachán 8— Fógra a thabhairt faoi aon athrú ar na himthosca,
- Rialachán 11 - leibhéal foirne,
- rialachán 15 - taifead ar leanbh réamhscoile
- rialachán 16—taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile.

Áiríodh le raon feidhme na cigireachta ná an seomra neamhchláraithe an fhoirgnimh a d'ainmnigh an soláthraí cláraithe mar fhoirgneamh Aonad a hAon.

Déantar torthaí na cigireachta a dhoiciméadú i dtuarascáil na chigireachta arna eisíúnt ar dtús i bhformáid dréachta chuig an tseirbhís le deis freagra a thabhairt ar aon toradh ar leith. Sa chás ina aiimsítear nach bfuil riachtanas reachtúil á chomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe a léiriú conas ar ceartaíodh an neamhchomhlíontacht chomh maith lena chinntiú nach dtárlódh a leithéid arís. Déanfar an Plean um Ghníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach (CAPA) a úsáid mar bhonn eolais le haghaidh gach cinneadh a bhaineann le comhlíontacht riachtanais na rialála. I gcás inar theipeann ar an soláthraí cláraithe cloí le na riachtanais reachtúla, is féidir tús a chur le próiseas an fhormhéadaithe.

Coimeádann an chigireacht an ceart um gach freagra a fhaightear a chur in eagar ar chúiseanna lena n-áirítear soiléireacht, iomláine agus comhlíontacht le próisis an riaracháin agus dlí.

Ba é comhlacht na cigireachta a chuir ábhar na tuarascála seo le chéile.

Faisnéis Breise

Chuir an soláthraí cláraithe in iúl don chigire go bhfuil an tseirbhís ag plé le foireann Forbairt an Chláir um an gCáilíocht Tús Níos Fearr.

Buíochas

Ba mhaith leis an gcigire aitheantas a thabhairt don chomhoibriú a fuair sé ón tsoláthraí cláraithe, ón duine i gceannas, ón bhfoireann agus ó na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 8 – Fogra i leith athrú ar na hImthoscaí

- (1) *Beidh ar sholáthraí cláraithe aon seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile shealadach, faoi réir alt (3), fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht faoi aon athrú beartaithe ar na sonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá le feiceáil sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2) ag 60 lá ar a laghad sula mbeartaítear go dtiocfadh an t-athrú i bhfeidhm.*
- (3) *Sa chás ina bhfuil an soláthraí cláraithe in ann fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht, ar chúis mhaith chuí, laistigh den tréimhse atá leagtha síos in alt (1) nó (2), de réir mar atá, maidir le aon athrú ar na sonraí i ndáil leis an seirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2), tabharfaidh an soláthraí cláraithe fógra i scríbhinn don Ghníomhaireacht faoin athrú a luaite is féidir ina dhiaidh sin.*

Fáisnéis na Comhlíontachta

(1)(3)

1. Ar lá 1 den chigireacht, rinne an tseirbhís freastal ar 11 leanbh luathbhlianta sa náiolann

Faisnéis na Neamhchlíontachta

(1)(3)

(1) Ar lá 2 den chigireacht, bhí 14 leanbh luathbhlianta á bhfreastal i seomra neamhchláraithe idir 12.30in agus 5in. Bhí an 14 leanbh seo tar éis freastal ar an tseirbhís sheisiúnach TU2015KY101 ó 9.30rn go 12.30in. Bhí an seomra suite i bhfoirgneamh ar leith darbh ainm Aonad a hAon. Ní dhearnadh measúnú ar an seomra le cigireacht oiriúnach don fheidhm ná níor cheadaigh Oifig Chlárúcháin Náisiúnta na Luathbhlianta á úsáid mar áis cúram leanaí.

Aimsíodh a leithéid roimhe seo ar iniúchadh an 19.04.'23. Tionóladh cruinnithe Forfheidhmiú na Rialála agus, mar thoradh ar an ngníomh a comhaontaíodh leis an tseirbhís, nárbh fhéidir an seomra sin a ainmiú mar an seomra SAC a thuilleadh.

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach arna chur isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach

Luaigh an soláthraí cláraithe gur: -

Cuireadh isteach gach cáipéisíocht riachtanach maidir ath-chur isteach an athraithe molta ar chúinsí agus glacadh leis an athrú sin ar chúinsí.

An cháipéisíocht tacaíochta a cuireadh isteach

Glacadh leis an Athrú ar Chúinsí.

Trácht Achoimrithe

Tugadh aghaidh ar an gceist seo agus tá sí á chomhlíonadh anois.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 9 – Bainistíocht agus Earcaíocht

(1) Déanfaidh gach Solathraí Cláraithe a chinntiú-

(a) go bhfuil duine ainmnithe i bhfeighil na seirbhíse agus duine ainmnithe atá in ann ionadaíocht a dhéanamh ina áit de réir mar is gá

(b) ag gach tráth le linn tréimhse seirbhís na réamhscoile á seoladh, go bhfuil an duine ainmnithe i gceannas nó an duine ainmnithe dá dtagraítear i bhfomhír (a) i láthair ar an áitreabh, agus

(2) Cinnteoidh an soláthraí cláraithe gur oiriúnach gur inniúlach iad gach fostaí, gach oibrí neamhíochta agus gach conraitheoir oiriúnach, agus iad ag cur san áireamh nádúr riachtanais na leanaí, lena n-áirítear trí-

(a) thagairtí ó iarfhostóirí an duine a bhreithniú, más ann dóibh, agus go háirithe teistiméireachtaí an fhostóra is déanaí, más ann,

(b) thagairtí ó fhoinsí creidiúnacha a bhreithniú i gcás éinne nach bhfuil aon iarfhostóir aige,

(c) bhreithniú ar nochtadh an ghrinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus

(d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go bhfuil cónaí ar dhuine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí as a chéile, go bhfuil grinnfhiosrúchán póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin curtha ar fáil aige

(4) Cinnteoidh gach soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearálacht alta (2) agus faoi réir altanna (5) agus (6), go mbeadh ar a laghad mórghradam i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige ag Leibhéal 5 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí nó aon cháilíocht a mheasfadh an tAire a bheith coibhéiseach ag gach fostaí a oibríonn go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

Fáisnéis na Comhlíontachta

- (1)
- (a) Tá 2 duine ainmnithe ann, agus déanann an bheirt acu ionadaíocht thar ceann a chéile de réir mar is gá.
- (b) Le linn na tréimhse a mbíonn seirbhís na réamhscoile ar siúl, bíonn an duine ainmnithe nó a ionadaí ainmnithe i láthair i gcónaí ar an áitreabh. Bhí an soláthraí cláraithe i láithir chun cuidiú le próiseas an iniúchta suas go dtí tús na tráthnóna.
- (2) Dheimhnigh an soláthraí cláraithe
- (a) Bhí 6 theistiméireacht agus bhailíochtú scríofa i gcomhad ó iarfhostóir.
- (b) Bhí 2 theistiméireacht agus bhailíochtú scríofa i gcomhad ó fhoinsé seachas iarfhostóra.
- (c) Bhí Nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i gcomhad le haghaidh gach éinne den cheathrar aosach.
- (4) Bhí Cáilíochtaí Cáilíochta Éireann (CCÉ) bainte amach ag na daoine fásta a bhí ag obair go díreach i eis na leanaí in oiliúint cúram leanaí ag Leibhéal 6 agus os a chionn agus bhí deimhnithe sin na cáilíochta ar fáil lena scrúdú.

Fáisnéis na Neamhchomhlíontachta

- (2)
- (d) Ní raibh Grinnfhiosrúchán na bPóilíní i leith duine fásta amháin ar chomhad. Bunaíodh an neamhchomhlíontacht seo ar an gcigireacht dheireanach ar an 19/04/2023 agus d'fhill an soláthraí cláraithe le freagra gníomhaíochta ceartaitheach agus choisctheach leis an bhfianaise á chur ar fail aige maidir le próiseas an iarratais ar Ghrinnfhiosrúchán Póilíní i leith an duine fásta sin.

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach arna chur isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach

Luaigh an soláthraí cláraithe: -

Go ndearnadh iarratas ar Ghrinnfhiosrúchán Póilíní.

An cháipéisíocht tacaíochta a cuireadh isteach

Chuir an soláthraí cláraithe Grinnfhiosrúchán na bPóilíní isteach maidir leis an duine fásta sin ar an 15.05.'24.

Trácht Achoimrithe

Rinneadh an riachtanas a chomhlíonadh

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 11 – Leibhéal Líon na Foirne

(1) Faoi réir an Rialacháin seo, áiríteoidh gach soláthraí cláraithe go mbeidh an dóthain daoine fásta a n-oibríonn go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile i láthair i gcónaí.

(2) Faoi réir altanna (4) agus (5), caithfidh gach soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláin nó cúraim lae páirtaimseartha a chinntiú go n-áiríonn an tseirbhís an t-íoschóimheas idir daoine fásta agus leanaí mar atá leagtha amach i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne an uimhir thagartha ar leith arna shonrú i gcolún (1) den Chuid sin maidir le raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) de ag an uimhir thagartha sin.

(8) Gan dochar d'altanna (2) go (7)—

(a) caithfidh gach soláthraí cláraithe de chuid sheirbhís réamhscoile seachas seirbhís feighlíochta leanaí nó seirbhís réamhscoile sheisiúnacha a chinntiú go bhfuil 2 duine fásta ar a laghad i láthair san áitreabh i gcónaí,

Fáisnéis na Comhlíontachta

(1) Chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh an dóthain daoine fásta ag obair go díreach leis na páistí i gcónaí.

(2)
Ar lá 1 den chigireacht, bhí 2 bhall foirne ag tabhairt aire do 11 leanbh sa seomra creche d'aois idir 1 bhliain agus 3 bliana ag freastal ar bhonn cúram lae iomlán. Chabhraigh an soláthraí cláraithe le cúram na leanaí chomh maith d'fhonn próiseas na cigireachta a éascú.

Ar lá 2 den chigireacht, bhí 3 bhall foirne ag tabhairt aire do 14 leanbh idir 4 bhliain agus 5 bhliain d'aois, ag freastal ar bhonn seisiúnach agus ar bhonn páirtaimseartha sa seomra neamhchláraithe i bhfoirgneamh Aonad a hAon. Ní dhearnadh aon mheasúnú ar líon na leanaí faoi 3 bliana d'aois ar an lá seo.

Bhí an cóimheas ceart idir na leanaí agus na daoine fásta.

(8)(a) Chinntigh an soláthraí cláraithe go mbeadh beirt daoine fásta san áitreabh le linn tréimhse na hoibríochta.

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 15 – Taifead linbh réamhscoile

- (1) *Caithfidh gach soláthraí cláraithe de chuid sheirbhís réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile in ionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach a chinntiú go gcoimeádtar taifead i scríbhinn maidir le gach leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís ina bhfuil na sonraí seo a leanas mar chuid de:*
- (a) ainm agus dáta breithe an linbh;
 - (b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;
 - (c) an dáta a scoir an leanbh as freastal ar an tseirbhís;
 - (d) ainm agus seoladh tuismitheoir nó chaomhnóir an linbh agus uimhir theileafóin lenar féidir teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin nó le gaol nó le cara an linbh le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse;
 - (e) údarú le haghaidh an linbh a bhailiú;
 - (f) na sonraí maidir le haon bhreiteacht, aon ghalar, aon mhíchumas, aon ailléirge nó aon riachtanas ar leith atá ar an leanbh, mar aon leis an gach faisnéis maidir le cúram speisialta nó aire speisialta a chur ar fáil;
 - (g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóra chláráithe an linbh;
 - (h) taifead ar aon imdhíontaí arna fháil ag an leanbh;
 - (i) cead an tuismitheora i scríbhinn chun cóireáil cuí an leighis a thabhairt don leanbh i gcás éigeandála.

Fáisnéis na Comhlíontachta

- (1) Bhí taifead ar fáil i leith na 14 leanbh a ag freastal ar an seomra neamhchláráithe mar aon leis na sonraí uile (a) go (i).

Cuid IIV– Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 16 – Taifead maidir le seirbhís réamhscoile

(1) *Caithfidh gach soláthraí cláraithe a chinntiú go gcoimeádtar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:*

(h) sonraí faoi thinreamh gach linbh réamhscoile ar bhonn laethúil;

(i) mionsonraí uainchlár na foirne ar bhonn laethúil;

Fáisnéis na Comhlíontachta

(h) Rinneadh taifead laethúil de shonraí an tinrimh, lena n-áirítear am teachta agus imeachta gach leanbh réamhscoile a scríobh síos.

Fáisnéis na Neamhchomhlíontachta

- (1)
- (i) Ar lá 1 na cigireachta, ní raibh aon uainchlár foirne ar fáil. Aithníodh go rinne na baill foirne taifead ar am teacht ar an seirbhís acu ar lá na cigireachta. Thiomsaigh an soláthraí cláraithe uainchlár na foirne a chuimsigh clúdach na sosanna béilí le linn próiseas an iniúchta.

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach arna chur isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach

Luaigh an soláthraí cláraithe: -

Go mbeadh gach uainchlár na foirne amach anseo ar fáil agus h sosanna na foirne arna leagadh amach iontu.

An cháipéisíocht tacaíochta a cuireadh isteach

Chuir an soláthraí cláraithe cóipeanna d'uainchlár na foirne isteach i leith 4 sheachtain.

Trácht Achoimríthe

Rinneadh an riachtanas a chomhlíonadh

Cuid V - Cúram na Leanaí i Seirbhís na Réamhscolaíochta

Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt an linbh

(1) *Caithfidh gach soláthraí cláraithe, le linn dó seirbhís na réamhscoile a chur ar fáil,—*

(a) a rá go ndéantar foghlaim, forbairt agus folláine gach linbh a éascú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí, an idirghníomhú, an t-ábhar agus an trealamh cuí a chur ar fáil, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus

Fáisnéis na Comhlíontachta

BUNRIACHTANAIS

- Bhí na leanaí ina suí ag an mbord 1 (suíochán 6 leanaí) agus 3 leanbh i gcathaoireacha arda arna chur ar fáil nuair a bhí an bia á sheirbheáil ag am béilí.
- Éascaíodh na leanaí níos óige le beathú mar ba ghá agus na leanaí níos sine á spreagadh agus faoi mhaoirseacht agus iad á mbeathú féin.
- Bhí na daoine fásta a bhí ag tabhairt aire cineálta agus comhbhách do na leanaí lá na cigireachta agus léirigh sé tuiscint ar riachtanais ar leith na linbh agus iad ag tabhairt aird duine le duine dóibh chomh maith le freagairt dá leideanna cumarsáide – briathartha agus neamhbhriathartha.
- Cuireadh bíobaí glana tirime ar fáil do gach leanbh ag am béilí.
- Bhí athrú clúidín ag teastáil ó gach leanbh a bhí i láthair agus rinneadh é go tráthúil i rith an lae i seomra feistis na gclúidíní atá suite taobh amuigh den naíolann.
- Chuir na daoine fásta in iúl don chigire obair na seirbhíse leis na tuismitheoirí agus na caomhnóirí maidir le patrúin codlata agus riachtanais codlata gach leanbh agus taifead de
- ghnáthamh laethúil gach linbh ar taispeáint sa chreche.

TIMPEALLACHT FHSICIÚIL AGUS ÁBHARACH

- Bhí rogha na mbréagán éagsúlar fáil agus bhí rochtain ag na leanaí i láthair orthu ar an urlár agus laistigh de haonaid na seilfeanna oscailte ar leibhéal íseal.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gcuid eile den seomra i ndiaidh na cigireachta deiridh. Séard a bhí ann ná suíocháin vinile ar leibhéal íseal, mataí ar an urlár agus mataí bog ar na ballaí mórthimpeall.
- Bhí limistéar fál sa seomra ar cuireadh in iúl don chigire lená úsáid den chuid is mó ag leanaí faoi 1 bhliain d'aois. Bhí rogha na mataí boga ar an urlár, ar an mballaí mórthimpeall chomh maith le rogha bréagán. Bhí an limistéar á úsáid ag roinnt leanaí ar feadh tréimhse ghearr i rith an tseisiúin.

Fáiscéis na Neamhchomhlíontachta

BUNRIACHTANAIS

1. Ní raibh buidéal dheochanna na leanbh laistigh dá n-aimsíú, ach iad stóráilte ar sheilf ar ardleibhéal a chuir cosc orthu teacht ar na deochanna le linn an tseisiúin chun á gcoinneáil hidráitithe.

TIMPEALLACHT FHSICIÚIL AGUS ÁBHARACH

2. Ní raibh aon suíocháin duine fásta sa seomra chun cuidiú leo siúd ag cur na leanaí ar a gcompord agus á gcothú.
3. Níor cuireadh an dóthain cathaoireacha arda agus boird ar leibhéal íseal ar fáil do na leanaí i láthair ar lá na cigireachta.

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach arna chur isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach

Luaigh an soláthraí cláraithe: -

1. Go bhfuil deochanna na leanaí á stóráil anois ar thráidire ag leibhéal na leanaí onas gur féidir leo a gcuid deochanna a fháil am ar bith gan cúnamh na foirne a fháil.
2. Tá an chathaoir bhog leathair nua sa seomra anois agus fanfaidh sí ann.
3. Ceannaíodh cathaoir ard nua agus tá sé ar fáil anois, rud a chuireann 5 chathaoir ard san iomlán ar fáil mar aon le bord nua ar féidir le 8 leanbh a shuí síos go héasca aige.

An cháipéisíocht tacaíochta a cuireadh isteach

1. Grianghraf de dheochanna na bpáistí ar thráidire ar na seilfeanna ar ísealleibhéal sa tseomra.
2. Grianghraf den chathaoir atá suite anois sa seomra.
3. Grianghraf den chathaoir ard nua agus den bhord nua.

Trácht Achoimrithe

Rinneadh an riachtanas a chomhlíonadh.

Cuid V - Cúram na Leanaí i Seirbhís na Réamhscolaíochta

Rialachán 20 – Áiseanna scíthe agus súgartha

(1) Faoi réir an rialacháin seo, cinnteoidh gach soláthraí cláraithe—

(b) go bhfuil an dóthain áiseanna oiriúnacha ar eáil ionas go mbeadh gach leanbh réamhscoile in ann a scíth a ligean i rith an lae, agus i gcás seirbhís réamhscoile thar oíche, i rith an lae agus san oíche.

Fáisnéis na Comhlíontachta

Bhí seomra codlata ar leith lasmuigh den naíolann. Bhí múrmhaisiú cairdiúil do leanaí ar bhallaí an tseomra agus dallóg ar an bhfuinneog chun tacú le codladh suaimhneach.

Cuireadh 4 chliabhán caighdeánach ar fáil sa seomra.

Ar lá na cigireachta, breathnaíodh 3 leanbh ag baint úsáide as áiseanna an tseomra codlata de réir mar a bhí na leanaí ag teastáil a gcuid scíth a ligean nó dul ag codladh.

Bhí an línéadach (braillíní agus pluideanna) a bhí in úsáid glan agus tirim agus bhí a cheann féin ag gach leanbh.

Bhí soláthar dóthain an línéadaigh ar fáil do na cliabháin.

Bhí na háiseanna codlata agus scíthe oiriúnach chun freastal ar riachtanais na leanaí siúd ar chúram lánlae ar lá na cigireachta.

Taifeadadh teocht an tseomra codlata ag 19 céim Celsius.

Rinneadh monatóireacht fhisiciúil ar na leanaí agus iad ina gcodladh agus taifead codlata á choinneál. Rinneadh seiceálacha codlata gach 5 nóiméad agus coinníodh taifead ar shuíomh, ar dhath agus ar anáilú gach linbh.

Tuarascáil Rialála Cigireacht na Luathbhlianta Réamhscoile

Cuid V - Cúram na Leanaí i Seirbhís na Réamhscolaíochta

Eialachán 22 – Bia agus Deoch

Cinnteoídh gach soláthraí cláraithe go bhfuil an dóthain bia agus dí oiriúnaigh, cothaithigh agus éagsúil ar fáil do gach leanbh réamhscoile atá ag freastal ar sheirbhís na réamhscoile.

Fáisnéis na Comhlíontachta

- Cuireann tuismitheoirí na leanaí atá ag freastal an bia a chaitear ar an áitreabh ar fáil.
- D'aimsígh an chigireacht gur tairgeadh béile te do roinnt leanaí a bhí ag freastal. Breathnaíodh cceapairí, iógart, rogha na dtorthaí, anraith agus arán, agus sícín aththéite le cairéid agus prátaí.
- Bhí uigeacht oiriúnach sna béilí agus sna sneaiceanna a cuireadh ar fáil do na leanaí níos óige.
- Stóráladh míreanna meatacha an bhia sa chuisneoir cistine.

Fáisnéis na Neamhchomhlíontachta

1. Ní raibh béile te ag gach leanbh a bhí ag freastal ar chúram lánlae le linn an tseisiúin. Fuarthas a leithéid amach ag an gcigireacht dheiridh. D'fhill an soláthraí cláraithe agus rinneadh gníomh cheartaitheach agus choisctheach a luaigh gur eisíodh treoir bhia do na tuismitheoirí chun a chur i gcuimhne dóibh go gcaithfidh béile te a chur ar fáil do gach leanbh a fhreastalaíonn ar chúram lánlae.

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach arna chur isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach

Luaigh an soláthraí cláraithe:

Rineadh gníomh cheartaitheach agus choisctheach faoi riachtanas an phríomhbhéile te a chur arís i gcuimhne gach tuismitheoir na leanaí ag freastal ar bhonn lánlae. Ó lá na cigireachta i leith, cuireadh an bia ar fáil le haghaidh an bhéile te. Déanfaidh an fhoireann meabhrú leanúnach do thuismitheoirí ina leith agus cuirfear póstaer agus treoraí bia suas ag an mbealach isteach ar an tseirbhís.

An cháipéisíocht tacaíochta a cuireadh isteach

Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.

Trácht Achoimrithe

Rinneadh an riachtanas a chomhlíonadh.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí á chosaint

Cinnteoídh gach soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus go bhfuil timpeallacht shábháilte na seirbhíse ar fáil.

Fáisnéis na Comhlíontachta

An tSábháilteacht i gCoitinne:

- Stóráladh na hábhair ghlantacháin a chonacthas ar an iniúchadh as teacht na bpáistí.
- Bhí an t-áitreabh slán chun na leanaí a chosc óna n-imeachtas gan mhaoirseacht agus chun srian a chur ar rochtain neamhúdraithe isteach air.

Rialú an Ionfhabhtaithe:

- Bhí uisce te, gallúnach láimhe leachta agus tuáillí láimhe páipéir indiúscartha ar fáil ag na doirtíl le haghaidh níocháin éifeachtach na láimhe chun baol leathadh an ionfhabhtaithe a laghdú.
- Bhí soláthar dóthain na naprún agus na lámhainní plaisteacha aonúsáide ar fáil ag stáisiún athraú na gclúidíní agus úsáideadh iad le haghaidh na clúidíní a athrú.
- Bhí aonad athrú na gclúidíní, an mata agus an t-imthimpeall glan agus tirim.
- Baineadh úsáid as bosca bruscair séalaithe le clúdach troitheáin air chun clúidíní úsáidte a dhiúscairt go sláinteach.

Fáisnéis na Neamhchomhlíontachta

An tSábháilteacht i gCoitinne:

Lasmuigh

1. Bhí 2 tháirne nocht ag barr an tsleamhnáin ag aonad na gníomhaíochta agus iad i mbaol gortaithe do leanaí.
2. Ní raibh an chuid bheag den thimpeallacht adhmaid adhmaid ag bun an tsleamhnáin slán, rud a chruthaigh guais thuisle do leanaí.

Rialú an Ionfhabhtaithe:

3. Ní raibh lipéad ar gach buidéal dí ar leith na leanaí ar fad, rud a chuireann baol leathadh an ionfhabhtaithe ar fáil.

- Stóráladh buidéal folamh agus téad ceangailte air ar bharr mála maoinne linbh i limistéar an halla a úsáidtear chun bainne a thabhairt do na linbh le linn an tseisiúin, rud a chuireann baol an tras-ionfhabhtaithe ar fáil.
- Bhí 2 cliabhán sa seomra codlata a raibh achair scuffáilte orthu (cuireadh an cliabhán bán isteach i ndiaidh na cigireachta dheiridh), rud a d'fhág go raibh sé deacair iad a ghlanadh i gceart, rud a chuir baol leathadh an ionfhabhtaithe ar fáil.

Gníomhaíocht arna chur isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Luaigh an soláthraí cláraithe:-

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach

An tSábháilteacht i gCoitinne:

- Athraíodh na tairní agus tá siad anois i ailíniú ceart ar an sleamhnán. Seiceáiltear gach trealamh lasmuigh gach seachtain, agus coinnítear taifead de na seiceálacha.
- Tá an t-adhmad curtha sa spás ceart anois mar a bhí sé ar dtús, agus déanfar á vearnaisiú más féidir an aimsir.

Rialú an Ionfhabhtaithe:

- Cuirfear lipéad ar gach buidéal
- Iarradh ar na tuismitheoirí clúdach an bhuidéil a chur ar fáil. Cinnteoidh an fhoireann go seiceálfar gach buidéal gach maidin lena chinntiú go bhfuil clúdach air.
- Greanáladh na cliabháin agus rinneadh á n-athphéinteáil /á n-athvarnisheadh leis an bpéint/an vearnais cheart.

An cháipéisíocht tacaíochta a cuireadh isteach

An tSábháilteacht i gCoitinne:

- Grianghraf de na tairní atá daingnithe ar an sleamhnán agus cóip de seicliosta seachtainiúil na dtrealamh lasmuigh.
- Grianghraf den phíosa adhmaid atá daingnithe san áit cheart.

Rialú an Ionfhabhtaithe:

- Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.
- Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.
- Grianghraf de na cliabháin i ndiaidh á bpéinteáil agus á vearnaisíodh.

Trácht Achoimrithe

Rinneadh an riachtanas a chomhlíonadh

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 24 - Seiceáil isteach agus amach agus taifead an tinrimh

- (1) *Cinnteoigh gach soláthraí cláraithe go ndéanfar gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a sheiceáil isteach agus amach as an tseirbhís ag fostaí nó ag oibrí deonach.*

Fáisnéis na Comhlíontachta

- (1) Bhí taifead i bhfeidhm maidir le tinreamh na leanaí réamhscoile sa tseirbhís a dhoiciméadú.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 25 - Garchabhair

- (1) *Cinnteoigh gach soláthraí cláraithe go bhfuil duine oilte na garchabhrach do leanaí ar fail láithreach i gcónaí le haghaidh freastal ar na leanaí ag seirbhís na réamhscoile.*
- (2) *Cinnteoigh soláthraí cláraithe go ndéanfar bosca garchabhrach atá feistithe go cuí do leanaí—*
(a) atá stóráilte go sábháilte in áit ar inrochtain éasca agus fheiceálach san áitreabh, agus
(b) atá ar fáil i gcónaí do na leanaí ag freastal ar seirbhís na réamhscoile.

Fáisnéis na Comhlíontachta

- (1) Cuireadh in iúl don Chigire go raibh oiliúint reatha Freagróir na Garchabhrach (FAR) ag ceathrar a bhí ag obair leis na leanaí agus bhí agus na deimhnithe maidir le beirt aosach acu ar comhad. Chuir an soláthraí cláraithe in iúl go raibh sí ag fanacht le heisiúint an deimhnithe reatha maidir leis an mbeirt fásta eile a chríochnaigh an oiliúint i mí Nollaig na bliana 2023 agus ghlac sí go gcuirfeadh sí ar aghaidh iad chuig oifig cigireacht na luathbhlianta i ndiaidh á bhfáil aici.
- (2) (a) Stóráladh an bosca garchabhrach i gcófra ar ardleibhéal sa naíolann.
- (b) Bhí rochtain éasca ar an mbosca garchabhrach ag na daoine fásta ach bhí sé as teacht na leanaí.

Fáisnéis na Neamhchomhlíontachta

- (2)(a) Ní raibh an stoc cuí sa bhosca garchabhrach.

Ní raibh na hearraí seo a leanas mar chuid den tsoláthar ar fáil: -

- Cóiriú dónna uisce (1 beag agus 1 mór)
- 2 chóiriú créachta steiriúla neamhleighsithe fillte ar leith (meánmhéid).
- 3 chóiriú créachta steiriúla neamhleighsithe fillte ar leith (an-mhór)

- 6 chóiriú créachta steiriúla neamhleighsithe fillte ar leith (mór)- fillte ina n-aonar
- Bindealán creipe (7cm) (2 cheann)

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach arna chur isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach

Luaigh an soláthraí cláraithe:

Níor cuireadh in iúl don chigire ar lá na cigireachta go raibh pacáiste athlionsa nua na garchabhrach sa chistin le gach earra riachtanach ann don bhosca garchabhrach.

An cháipéisíocht tacaíochta a cuireadh isteach

Cuireadh isteach grianghraf de na hearraí garchabhrach breise.

Trácht Achoimrithe

Rinneadh an riachtanas a chomhlíonadh

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 26 - Bearta sábháilteachta dóiteáin

(1) Cinnteoidh gach soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar na nithe seo a leanas—

(a) aon druil dóiteáin ar siúl san áitreabh, agus

(b) líon, cineál agus taifead cothabhála na dtrealamh mhúchta tine agus na n-aláram deataigh san áitreabh.

(4) Déanfar fógra faoi na gnásanna lená leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.

Fáisnéis na Comhlíontachta

(1) Choinnigh an tseirbhís taifead i scríbhinn orthu seo a leanas: -

(a) Bhí gach druil dóiteáin ar siúl in ionad na seirbhíse. Reáchtáladh an druil dóiteáin taifeadtha deiridh ar an 23/01/2024.

(b) Maidir le líon, cineál agus seiceáil cothabhála an trealamh mhúchta tine agus an aláram deataigh, léirigh na taifid a bhí ar comhad gurbh ar an 14/01/2023 a ndearnadh an tseiceáil dheiridh ar an aláram deataigh agus gurbh ar an 15/10/2023 a rinneadh amhail ar an trealamh mhúchta tine.

(4) Cuireadh fógra faoi na gnásanna lená leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint in áitreabh na seirbhíse.

Cuid VII - Riachtanais an Áitribh agus an Spáis

Rialachn 29 - Áitreabh

Cinntoidh gach soláthraí cláraithe go bhfuil áitreabh na seirbhíse—

(d) á ghlanadh, á chothabháil agus á dheisiú, de réir mar is gá,

Fáisnéis na Neamhchomhlíontachta

(d) Bhí roinnt poll le feiceáil i 3 ghreille radaitheora sa creche.

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach arna chur isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomhaíocht Cheartaitheach agus Choisctheach

Luaigh an soláthraí cláraithe:

Cuireadh aonaid adhmaid arna bpéinteáil go marthanach níos láidre in áit gach ngreill radaitheora. Déanfar clúdaigh na radaitheoirí a sheiceáil go rialta.

An cháipéisíocht tacaíochta a cuireadh isteach

Grianghraf a thaispeánann 3 chlúdach nua na radaitheora i bhfeidhm sa creche.

Trácht Achoimríthe

Rinneadh an riachtanas a chomhlíonadh.

Early Years Inspectorate Regulatory Report

Pre School

TUSLA Identifier: TU2015KY056

Name of Service: Ionad Curam Leanaí na Dromoda

Address of Service: Cillín Liath, Máistir Gaoithe, Cathair Saidhbinín, Co. Kerry

Eircode: V23 FT62

Name of Registered Provider: Cait Ui Chonaill, Sarah Uí Shuilleabhaín

Service type: Full Day

Date(s) of Inspection: 24/01/2024

Date 2 of Inspection: 21 February 2024

